

Seanmóirí an Easpaig Séamas Ó Gallchóir: Eagrán, aistriúcháin agus aidhmeanna

Ciarán Mac Murchaidh

Réamhrá

Is é rud a dhéanfar san aiste seo, spléachadh a thabhairt ar théacs cáiliúil de chuid an 18ú haois, i.e. *Seanmóirí Uí Ghallchóir*. Saothar an-chlúiteach go deo i gcanóin liteartha na Gaeilge is ea é. Cuireann scoláirí suim ann ó thaobh an ábhair agus na teanga de agus tá sé ar cheann de na téacsanna is mó a foilsíodh i stair litríocht na Gaeilge. Beifear ag díriú go príomha anseo ar na heisiúintí¹ éagsúla den téacs a foilsíodh idir 1736 agus 1911. Déanfar scrúdú chomh maith ar shraith paimfléad ar leaganacha Béarla de na seanmóirí iad, a cuireadh i gcló i lár an 19ú haois, agus ar aistriúcháin eile a cuireadh amach ina dhiaidh sin. Táthar ag súil leis go léireoidh an scagadh seo go raibh líon na n-eagrán féin teoranta go leor ach gur foilsíodh roinnt mhaith athchlónna de na heagrán sin i rith na tréimhse atá i gceist. Pléifear roinnt pointí inspéise i dtaca leis na heagrán éagsúla a réitíodh don chló agus déanfar iarracht iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na haidhmeanna a bhí ag Ó Gallchóir nuair a d'fhoilsigh sé an saothar den chéad uair. Ar deireadh curfear liosta eagrán, athchlónna, agus paimfléid ar fáil, mar aon leis na sonraí bibleagrafaíocha a bhaineann leo, mar áis ag an léitheoir.

Beathaisnéis

Rugadh Séamas Ó Gallchóir timpeall na bliana 1684 agus ceapadh ina easpag ar Dheoise Ráth Bhoth sa bhliain 1725 é.² D'fhan sé i mbun na deoise sin go dtí gurbh éigeann dó imeacht as an cheantar sa bhliain 1735 as siocair dhéine ghéarleanúint na bPéindlíthe ansin. Ar a theitheadh ar oiléán i Loch Éirne a bhí sé an bhliain ina dhiaidh sin agus de réir foinse amháin is i rith na bliana sin a réitigh sé na seanmóirí Gaeilge a foilsíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1736.³ Aistríodh Ó Gallchóir ó dheoise Ráth Bhoth go deoise Chill Dara an bhliain dár gcionn agus fuair sé bás sa bhliain 1751 i ndiaidh freastal gníomhach dílis a dhéanamh ar riachtanais na hEaglaise agus na deoise sin.

Foilsíú eisiúintí éagsúla *Seanmóirí*

Is é an tAthair Pól Breathnach, Coláiste Phádraig, Má Nuad, a réitigh an t-eagrán deiridh de *Seanmóirí* a foilsíodh.⁴ Liostaítear 24 eisiúint éagsúla de *Seanmóirí* (díomaite d'eagrán an Bhreathnaigh féin) ar leathanach xii den eagrán sin. Is é an leabharolaí cáiliúil, Séamus Ó Caiside, a thiomsaigh an liosta úd.⁵ Luann tráchtairí go minic gur foilsíodh 25 'eagrán' de *Seanmóirí* agus iad ag iarraidh léiriú a thabhairt ar an ráchait leanúnach rialta a bhí ar shaothar Uí Ghallchóir ó céadfhóilsíodh é.⁶ Baineann siad leas as an fhigiúir seo lena chur in iúl go raibh tarraigte chomh mór sin ar an saothar gur cuireadh i gcló 25 uair idir na blianta 1736 agus 1911 é.⁷ Ní ag iarraidh prionsabal an phointe seo a shéanadh atá mé ach ba mhaith liom déileáil leis na heisiúintí uilig atá luaite in eagrán an Bhreathnaigh, go háirithe iad sin atá ina n-eisiúintí 'taibhseacha'.

Foilsíodh *Seanmóirí* den chéad uair sa bhliain 1736. Sé sheanmóir déag a bhí sa chnuasach sin agus gheofar an liosta iomlán in Aguisín I *infra*. Luaitear eisiúint leis an bhliain 1735 ag túis an liosta in Breathnach ach is féidir gur baineadh an tagairt sin as *Irish writers* le Edward O'Reilly a foilsíodh sa bhliain 1820 agus tá an tagairt mícheart. Luann Thomas Wall, fostar, go mb'fhéidir gur foilsíodh eagrán níos luaithe ná 1736: 'Despite violent persecution James Gallagher, bishop of Raphoe, was able to see his *Sixteen Irish sermons, in an easy and familiar stile* through the press in Dublin in 1736. There may have been an earlier issue, but this is the first which bears an imprint.'⁸ Ní luann sé foinse ar bith lena ráiteas, áfach, ach b'fhéidir go raibh an tagairt ag O'Reilly nó an ceann ag Breathnach ar intinn aige. Botún eile atá sa tagairt d'eagrán de *Seanmóirí* sa bhliain 1737 atá le fáil i bpaimfléad an Athar Joseph S.

O’Gallagher,⁹ nó ní thig liom tagairt ar bith a aimsiú dó i gceann ar bith de na gnáthfhoinsí bibleagrafaíocha. Chomh maith leis sin, níl an tagairt d’eisiúint eile sa bhliain 1740 a luaigh O'Reilly cruinn. Luann Bourke an tagairt chéanna san eagrán de *Seanmóirí* a réitigh sé féin sa bhliain 1877 ach is léir gur ag brath ar O'Reilly a bhí sé. Maítear ar liosta an Bhreathnaigh gur san eagrán úd 1740 a cuireadh an tseanmóir bhreise a chum an Gallchórach, ‘On the Joys of Heaven’, leis an eagrán bunaidh. Níor éirigh liom fós aon tagairt infhíoraithe d’eisiúint sin 1740 a aimsiú i gceann ar bith de na foinsí iomadúla atá ceadaithe agam. Chomh maith leis sin, níl tagairt ar bith aimsithe go fóill agam d’eisiúintí na mblianta 1792, 1793, 1805, 1813, ná 1817 atá luaite ar an liosta in eagrán an Bhreathnaigh ach oiread. Ní hionann sin agus a rá nár foilsíodh eagrán ná athchlónna sna blianta udaí ach má foilsíodh, níl mé tar éis eolas cruinn a aimsiú ina dtaobh. Mar aon leis sin, ní i gcónaí a thig linn brath ar na sonraí bibleagrafaíocha a thugtar ar liosta an Chaisidigh nó bíonn sé ag brath, uaireanta, ar eolas míchruinn i bhfoinsí eile. Tabharfar faoi deara nach luann Ó Caiside sonraí bibleagrafaíocha do na heisiúintí de *Seanmóirí* a luaitear leis na blianta 1805, 1813 agus 1817 in eagrán an Bhreathnaigh seachas tagairtí do chatalóga reaca agus liosta 1905 McClintock Dix. Liostaítear eagrán atá luaite leis an bhliain 1809 i gCatalóg na Leabharlainne Náisiúnta, ach is botún cláraithe sa chatalóg é sin agus eagrán 1807 atá ann.¹⁰ Chuir an comhlacht Meiriceánach, Kessinger Publications, athchló ar eagrán 1877 Bourke i 2007.¹¹ Níl ann ach leagan grianghraifach den bhuntéacs, áfach. Fágann sé sin gur foilsíodh eisiúint amháin de *Sixteen Irish Sermons* (1736), 1 eisiúint de *Seventeen Irish Sermons* (1752, 1767, 1777, 1795, 1798, 1807, 1819, 1831, 1835, 1841, 1877, 1878, 1881, 1911) agus eisiúint amháin nach raibh ann ach dhá cheann de na seanmóirí (1900) idir na blianta 1736 agus 2007. Fágann sé sin nár foilsíodh ach cúig eagrán chearta de *Seanmóirí* go dtí seo: 1736, 1752, 1819, 1877 agus 1911. Athchlónna d’eagrán a bhí sna heisiúintí eile uilig. Mar a tharlaíonn, is athchló cruinn d’eagrán 1736 an eisiúint a foilsíodh sa bhliain 1752 diomaite de dhá rúd: (i) cuireadh an liosta *errata* ar Ich 244 d’eagrán 1736 i bhfeidhm ar eagrán 1752 agus (ii) foilsíodh an tseanmóir ‘On the Joys of Heaven’ den chéad uair ann. Rinneadh cuid mhaith athruithe eagarthóireachta ar eagrán de *Seanmóirí* ina dhiaidh sin, áfach. Edward O'Reilly (1819), Ulick Bourke (1877) agus Pól Breathnach (1911) is mó a bhí i gceist leo sin.

Foilsíú na bPaimfléad

Go dtí an bhliain 1830 is i nGaeilge amháin a foilsíodh *Seanmóirí*. Idir an bhliain sin agus 1835, d'aistrigh James Byrne na seanmóirí ceann ar a chéile agus foilsíodh mar phaimfléid iad agus luach trí pingne an ceann orthu. I gcás an phaimfléid a foilsíodh in 1830, ní luaitear ainm ar bith leis an aistritheoir ach deirtear gur ‘eminent scholar’ a bhí ann. Is san ord croineolaíoch seo a leanas a foilsíodh na paimfléid atá feicthe agam:

1830:	Uimh. 4 ‘On Confession and its Conditions’
1832:	Uimh. 3 ‘On the Necessity of Loving our Enemies’
	Uimh. 6 ‘On the Miserable State of a Sinner’
1833:	Uimh. 1 ‘On the Assumption of Our Blessed Lady’
	Uimh. 7 ‘On the Danger of Delaying Penance’
	Uimh. 8 ‘On the Danger of making an Unworthy Communion’
1834:	Uimh. 9 ‘On the Advantages of Receiving Worthily’
	Uimh. 10 ‘On the Advantages and Conditions of Prayer’
	Uimh. 11 ‘On the Necessity and Efficacy of Prayer’
	Uimh. 12 ‘On the Necessity of Working our Salvation’
	Uimh. 13 ‘On Death’
1835:	Uimh. 16 ‘On the Passion’
	Uimh. 17 ‘On the Joys of Heaven’

Is é T[homas?]¹² O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk i mBaile Átha Cliath an té a chuir naoi gcinn, ar a laghad, de na paimfléid sin i gcló. D'fhoilsigh I. Field, 4 Stafford Street sa chathair ceithre cinn eile, ar a laghad. Níl feicthe agam féin ach an trí cinn déag seo de bharr go bhfuil cóipeanna síobh an-tearc ar fad. Tá cóip d'Uimh 4 thusas i leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann agus an dá cheann déag eile i leabharlann Choláiste Phádraig, Droim Conrach.

Is comhartha soiléir é lón na n-eisiúintí de *Seanmóirí* a foilsíodh idir na blianta 1736 agus 1911 gur saothar é a raibh ráchart leanúnach air. Foilsíodh imleabhar den saothar gach 12 bliain, ar an mheán, le linn na tréimhse sin. D'fhág clú agus cáil *Seanmóirí* Uí Ghallchóir i nGaeilge go raibh éileamh orthu i mBéalra agus léiríonn foilsíú na leaganacha paimfléid i lár an 19ú haois go rabhthas ag iarraidh freastal go leitheadach ar an phobal Chaitliceach nach raibh an Ghaeilge acu. Cuireadh eagrán Béalra amach sa bhliain 1835 chun freastal ar an éileamh sin, festa, ní amháin in Éirinn, ach i measc na nGael Caitliceach i Meiriceá chomh maith, mar is léir ó fhoilsíú an leagain Bhéalra in Baltimore. Bhí na paimfléid ar fáil ar chostas íseal go leor agus is léir go rabhthas ag súil le teagasc na seanmóirí a chraobhscaoileadh ar bhealach níos éifeachtaí i measc na ndaoine bochta ar an mhodh sin. Is léir gur ar Chaitlicigh shaibhre agus ar an chléir nach raibh Gaeilge acu a bhí eagrán 1835 dírithe toisc go mbeadh costas imleabhair thar acmhainn daoine bochta.

Aistriúcháin de *Seanmóirí*

Foilsíodh aistriúchán de *Seanmóirí* sa bhliain 1835 i mBaile Átha Cliath. William Powell an foilsitheoir a bhí ann. Is é sin an chéad uair a foilsíodh *Seanmóirí* in aon imleabhar amháin gan an leagan Gaeilge a bheith ann ar chor ar bith. Foilsíodh an leagan céanna seo d'aistriúchán Byrne sna Stáit Aontaithe chomh maith. Is é sin an t-aon eagrán de *Seanmóirí* a foilsíodh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath riamh. Fielding Lucas Jnr, 138 Market Street in Baltimore a chuir i gcló é. Is é an t-aon difríocht idir an leagan Éireannach agus an leagan Meiriceánach ná an tul-leathanach. ‘Revised and corrected by a Catholic priest’ atá ar thul-leathanach an leagain Éireannaigh agus ‘Revised and corrected by a Catholic clergyman’ atá ar an tul-leathanach sa leagan Meiriceánach. Ní féidir bheith iomlán cinnte faoi dháta foilsithe an leagain Mheiriceánaigh de bharr nach bhfuil dáta lúaite leis ar an leathanach teidil. Is athchló den leagan a foilsíodh i mBaile Átha Cliath in 1835 é. Fágann sé sin nach féidir gur foilsíodh é níos lúaithe ná eagrán 1835 Byrne agus b'fhéidir nár foilsíodh é go ceann bliana nó dhó ina dhiaidh sin. Shíl mé ar dtús nach raibh i gceist le heagrán Béalra 1835 ach na paimfléidí éagsúla cnuasaithe le chéile in aon imleabhar amháin agus iad ag teacht leis an ord ina raibh na seanmóirí in eagrán 1736. I ndiaidh iniúchadh níos cruinne a dhéanamh ar théacs 1835, áfach, is léir go ndearna an ‘Catholic priest’ anaithnid eagarthóireacht ar théacs na bpaimfléad. Má dhéantar comparáid idir an chéad seanmóir, ‘On the Assumption of Our Blessed Lady’, a foilsíodh mar phaimfléad in 1833, agus eagrán Béalra 1835, mar shampla, feicfear gur cuireadh an frása ‘the ever Virgin Mother of God’ leis an teideal bunaidh. Níor úsáid Ó Gallchóir (1736) ná Byrne (Paimfléad, 1833) an frásá breise seo. Tá an dara abairt leathdheiridh de théacs na seanmóra ar iarraidh i bPaimfléad Byrne ach tá sí ar ais arís in eagrán 1835.¹³ Tá fianaise i seanmóirí eile san eagrán sin go ndearnadh athruithe agus leasuithe éagsúla ar an saothar, gur tugadh ar ais téacs a bhí in easnamh agus gur fágadh roinnt rudaí breise eile ar lár in áiteanna.¹⁴ Níor cuireadh an réamhrá a scríobh Ó Gallchóir in eagrán 1736 le heagrán Béalra 1835. (Níor foilsíodh mar chuid den eagrán Meiriceánach ach an oiread é.) Ní dóigh liom go bhfuil an oiread tábhactha leis an chinneadh seo agus a shílfeadh duine ar an chéad amharc. Chaith Ó Gallchóir cuid mhór den réamhrá ag déanamh cur síos ar na cúiseanna ar úsáid sé an cló rómhánach seachas an cló gaelach, ar na fáthanna ar bhain sé leas as focail iasachta de chuid an Béalra agus ar an ghá a chonaic sé le cnuasach de sheanmóirí Gaeilge ar chor ar bith. Ní bheadh gá leis an chineál sin ábhair ag túis téacs Béalra. B'fhéidir gur mheas na foilsitheoirí gurbh fhearr an réamhrá a fhágáil go hiomlán ar lár in áit bheith ag útamáil leis chun é a chur in oriúint do leagan aistrithe den saothar.

Sa bliain 1877, d'fhoilsigh an Canónach Ulick J. Bourke MRIA, Tuaim, Co. na Gaillimhe, eagrán dátheangach den téacs, saothar ar cuireadh athchló air sna blianta 1878, 1881 agus 2007, mar a luadh thusa. Tá an nota 'Second Edition' ar thul-leathanach eisiúint 1878 agus an nota 'Third Edition' ar thul-leathanach eisiúint 1881 de shaothar Bourke. Níl na notaí sin fíor óir is athchlónna loma iad d'eisiúint 1877. Níor athraíodh na heisiúintí in 1878 agus 1881 ar dhóigh ar bith seachas ábhar breise fógraíochta a chur isteach ag deireadh an dá shaothar. Níor bhac Bourke ná na foilsitheoirí liosta gairid *corrigenda* a bhí ar Ich 430 d'eisiúint 1877 a chur i bhfeidhm ar an dá eisiúint eile, fiú. Tá mí-uimhriú ar leathanaigh eisiúint 1878 (426, 427, 427, 428) agus eisiúint 1881 (426, 427, 428, 428) chomh maith, agus d'fhéadfadh gur fhág sé sin gur shíl Séamas Ó Caiside gur eagrán nua a bhí iontu.

Cé go bhfuil difríocht measartha mór idir bheith ag maíomh gur eisíodh an saothar seo 25 uair agus a dheimhniú nach raibh raibh ann, i bhfírinne, ach 16 cinn, léiríonn an rialtacht a bhaineann le foilsíú *Seanmóirí* (ina eagrán agus ina athchlónna) idir na blianta 1736 agus 1911 go raibh éileamh seasta buan ar an téacs agus go raibh foilsitheoirí éagsúla breá sásta freastal ar an éileamh sin i rith an ama.

Eagarthóirí

Foilsíodh trí phríomheagrán (1819, 1877 agus 1911) de *Seanmóirí* i ndiaidh don chéad eagrán teacht amach. Is é eagrán Edward O'Reilly an chéad cheann acu. Mar seo a leanas a chuir O'Reilly síos ar an obair a shíl sé a bhí le déanamh aige:

The almost innumerable errors which had accumulated in the reprints of former editions, are here carefully corrected; the orthography, which the learned author of the work had, designedly, left incorrect, is now restored to its original purity; and the language itself is in some measure amended, by the rejection of many English words that had crept into the composition, and whose places are now supplied by original Irish terms, more expressive of the author's meaning, and so much in common use as to be intelligible to the most illiterate of the Irish peasantry ... For deviating from the original plan of the respectable author, even in a small degree, it may be necessary for the editor to offer some apology; and this he conceives will be best done by assigning the reasons that have induced him to make the alterations which are to be found in the present edition.

FIRST, then, the Irish language has no occasion to borrow terms from the English to express any affection of the mind, or to enable a speaker to convey his ideas to, or make himself understood by the least intelligent auditory. It is sufficiently expressive, and never fails to make its way to the head and to the heart, and excite such feelings as may be desired. For this reason many English words are here discarded, and native Irish terms adopted.¹⁵

Ba le Standish Hayes O'Grady an chóip d'eagrán 1841 de *Seanmóirí* atá ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh i gColáiste Phádraig, Má Nuad. Is cosúil nach raibh sé ar dhóigh ar bith tógtha le buntéacs Uí Ghallchóir ná le heagrán O'Reilly nó tá an nota seo a leanas scríofa ina pheannaireacht féin ar thul-leathanach an leabhair:

This book is very incorrectly printed being full of vulgar provincialisms and corruptions colloquially current in Ulster wh[ich] are quite unnecessary in print – E[dward] O'R[eilly], the editor of the present volume, was altogether incapable of correcting these. S.H.ÓG.

Níorbh é O'Grady an t-aon scoláire amháin nach raibh meas aige ar iarrachtaí eagarthóireachta O'Reilly. Agus é ag déanamh léirmheasa ar eagrán an Bhreathnaigh (1911), scríobh an scoláire T.F. O'Rahilly, an nóta thíos faoi eagrán O'Reilly agus faoi cheann Bourke:

O'Reilly was the first to do more than give a literal reprint, but, unfortunately, he thought himself called upon to try to 'improve' the language as well, and he thus set up a misleading standard for subsequent editors. Canon Ulick Bourke (1877) went further still, with the result that a good deal of what was most characteristic in Gallagher himself was eventually thrown overboard.¹⁶

Scríobh Bourke, agus é ag trácht ar eagrán Uí Ghallchóir:

The work was printed in the modern Roman letter, like the Highland Gaelic of Scotland, and the spelling adopted was on the principle of phonetics or sound and not according to the rules of Irish orthography. That was a great mistake ... The author allowed another literary blot to disfigure the pages of his book – the occasional use of English and Latin words, which were then in vogue amongst some Irish speaking natives. Edward O'Reilly, author of the Irish and English dictionary, did much to correct these two faults in the eighteenth edition of the sermons published under his supervision in 1820.¹⁷

Má bhí Bourke míshásta leis an ortagrafaíocht i dtéacs Uí Ghallchóir, lean sé córas ní b'aistí san eagrán a réitigh sé féin don chló. Chloígh sé leis an chló rómhánach ach tá an chuma ar an scéal gur córas 'cros-síolraithe' atá ann nó d'úsáid sé an *punctum delens* in áit an séimhiú a scríobh mar *h*. Chuir sé an ponc os cionn litreach ar bith a shéimhítéar de ghnáth (e.g. č, ġ, Ć, Ģ, *riachtanač* (riachtanach), *baogal* (baol), *saogal* (saol), *déigionač* (déanach) etc.). Fágann sé cuma an-aít ar an chló agus ní i gcónaí a bhíonn sé éasca an téacs a léamh dá bharr sin.

Shíl T.F. O'Rahilly gurbh é eagrán an Breathnaigh an ceann ab fhéarr a foilsíodh go dtí sin. Scríobh sé ina thaobh: 'The latest editor, Fr. Walsh, has made good use of the early pre-O'Rahilly editions; and an idea of the superiority of his text to that of his immediate predecessors may be formed by anyone who takes the trouble to compare it with the text of the two sermons of Gallagher's issued in pamphlet form in 1900.'¹⁸ Ní i dtólamh a bhí sé róshásta le gach cinneadh eagarthóireachta a rinne an Breathnach, áfach. B'amhlaidh sin faoi cheist na malairtí leagain de na hiasachtaí ón Bhéarla sa téacs. Lena cheart a thabhairt don Athair Breathnach, sholáthair sé liosta de na leasuithe a bhí déanta aige féin i rith an téacs féin mar agusín ag deireadh an tsaothair.¹⁹ Os a choinne sin, tugann O'Rahilly le fios, agus an ceart ar fad aige, nach liosta cruinn agus iomlán é ar chor ar bith. Mhínigh sé gur mhinic nach raibh an mhalaire leagain a mhol Breathnach oiriúnach de bharr nár leagan cruinn ceart don fhocal sa bhuntéacs é. Chomh maith leis sin, dúirt sé go raibh focail áirithe caite ar leataobh ag Breathnach toisc gur leaganacha iasachta iad nuair a bhí na focail chéanna in úsáid sa teanga ó ré Fhlaithrí Uí Mhaolchonaire, Gearnon agus Mhic Cuarta.²⁰ Tá liosta samplaí de chuid de na focail a raibh O'Reilly, Bourke agus Breathnach míshásta leo ina dhiaidh seo. Feicfear gur lean Bourke cinneadh O'Reilly beagnach i gcónaí. Tabharfar faoi deara freisin gur minic a bhíonn difríochtaí móra idir leaganacha Uí Ghallchóir agus na malairtí a mhol Breathnach.

Ó Gallchóir	O'Reilly	Bourke	Breathnach
conclude	crioch	críoch	críoch
devotion	crabhadh	crábhadh	crábhadh
eclips	eclips	smúid	éiclips
an fhighis	an fhighis	an duais	an duais
general	taoiseach	tuiseach	taoiseach
instrument	oirneis	oirnéis	urlis

murdereoir	duine-mharbhthoir	duine-mharbhthóir	dúnmharbhthóir
peinteir	peinteir	dath-dhealbhadóir	dathadóir
preasantaidh	brontanus	brontanais	seoda
rable	buidheain	buidheain	daoscar-shluagh
reverence	oirmhidin	oirbhidin	airmhidin
road	rod	rod	ród
siege	foslongphort	foslongphort	foslongphort
(ar an) spot	(ar an) mboll	(ar an) mboll	(ar an) láthair
stopugh	toirmeasg	toirmeasg	toirmeasg
sumons	gairm	gáirm	órdughadh
text	text	sgríbhinn	teistimhin
trap	gaisde	gaisde	gaisde

Ceann de na hathruithe is aistí a rinne Breathnach ná gur bhain sé amach na tagairtí agus na sleachta uilig a bhain leis na scriptúir agus le scríbhinní Aithreacha na hEaglaise. I Ladin a bhí siad seo sa téacs bunaidh agus coinníodh iad sna heagrán agus sna hathchlónna eile a foilsíodh ina dhiaidh sin. Ní thugtar an Ladin in aistriúchán Bhéarla *Seanmóirí* ach cuirtear an t-aistriúchán ar fáil, de ghnáth. D’fhág an tAthair Joseph O’Gallagher an Ladin ar lár ina phaimfleád siúd (1900) festa ach tugtar na tagairtí agus an t-aistriúchán Gaeilge.

Luaigh Breathnach ceist theidil na seanmóirí in agusín lena eagrán féin den saothar: ‘Ní raibh aon tiodal ar na seanmóiribh i seanleabhar an ughdair acht tiodal Béarla. Do chuireamar Gaedhealg ós a gcionn agus is i gcorp na seanmóir fuaramar an Ghaedhealg sin. Do shíleamar nár bh aon mhaiteas dúinn na blógha Laidne do chur ionnta amhail do bhí ó thus. Sain-nósá atá againne agus ag lucht na haimsire in ar sgríobhadh na seanmóire.’²¹ Glacaim leis go gciallaíonn sé seo gur shíl Breathnach gur choinbhinsiún cléiriúil nó eaglasta é seo a bhain le gnó na seanmóireachta agus nach raibh tábhacht rómhór leis don ghnáthláitheoir. Is dócha gur dá bharr sin a chinn sé na sleachta Laidine a ghlanadh den téacs. Is léir go raibh Breathnach féin ag smaoineamh ar a lucht léitheoireachta (agus éisteachta) agus eager á chur aige ar *Seanmóirí* do phobal Caitliceach an 20ú haois den chéad uair.

Aidhmeanna Uí Ghallchóir in *Seanmóirí*

Ó céadfoilsíodh *Seanmóirí* Uí Ghallchóir sa bhliain 1736, tharraing an chléir agus lucht léinn na tíre orthu ar bhealaí éagsúla agus is é sin go díreach an rud a theastaigh ón Ghallchórach féin. B’urlis é an cnuasach seo seanmóirí a bhféadfadh an chléir úsáid a bhaint as chun freastal ar shlí níos éifeachtaí ar riachtanais chaiticeasmacha agus homaileacha an phobail. Is léir gur amharc Ó Gallchóir ar an Ghaeilge mar urlis thábhachtach thréadach agus go raibh sé ag iarraidh úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, oiread agus ab fhéidir leis, i measc na cléire ag an am. Bhí immí ar easpaig a linne féin go raibh sagairt á n-oiliúint ar an Mhór-Roinn a tháinig ar ais chun na tíre gan cumas maith go leor sa Ghaeilge acu i ndiaidh roinnt blianta a chaitheamh thar lear.²² Is léir, festa, gur chreid sé go raibh géarghá lena leithéid:

In discharge, then, of this Duty, so incumbent on me, and on all Pastors, and much more on such as are Overseers of Pastors, I have compos’d the following Discourses for the Use of my own Fellow-labourers principally, and next for such as please to make use of them; that they may Preach them to their respective Flocks, since my repeated Troubles debar me of the Comfort of delivering them in Person ... It may be objected that the Generality of our Clergy have Sermon-books in *Latin or French*, or other languages, I allow they have, but generally in a stile not so well adapted to our Country. But surely they are not the worse to have some in their Mother tongue, which may furnish them with Thoughts or proper Expressions, very often wanting to such as gather their Discourses from Foreign Languages?²³

Bhí imní ar Ó Gallchóir faoi stádas na teanga ag an am a raibh sé féin ag feidhmiú mar easpag. Tuigeann muid ó ráiteas uaidh sa Réamhrá go raibh todhchaí na teanga ag déanamh tinnis dó agus go raibh sé ag iarraidh an cinneadh a ghlac sé an saothar a fhoilsíú sa chló rómhánach a chosaint chomh maith:

If my Brethren will admire, why *Irish Sermons* should come cloathed [sic] in English Dress, which seems not to suit so well the *Irish* language. One reason is, that our Printers have no *Irish* Types. And another, that our Mother-language, sharing so far the Fate of her Professors, is so far abandon'd, and is so great a stranger in her Native Soil that scarce one in ten, is acquainted with her Characters. Lest any, then, should be discouraged from making Use of this little Work, by being strangers to its very Elements, I have made Choice of Letters, which are obvious to all; and in spelling, kept nearer to the present manner of speaking, than to the true and ancient Orthography. This seeming Difficulty being removed, I hope that as many as can speak or tollerably [sic] pronounce the *Irish*, If furnish'd with any stock of Zeal to discharge their Duty, will with little Pains, soon read and understand the following Discourses.²⁴

Síleann Niall Ó Ciosáin (1997, 160) go bhfuil baint ag úsáid an chló rómhánaigh i bpriontáil ábhair i nGaeilge leis an phraiticiúlacht thar aon rud eile. Aithníonn sé fosta go mb'fhéidir gur creideadh ag an am go mbeadh deacrachartaí ag daoine leis an chló gaelach, deacrachartaí nach mbeadh acu leis an chló rómhánach toisc gur fearr a bhí Caitlicigh léannta in ann plé leis an aibítir rómhánach seachas an aibítir ghaelach. Luann sé téacs cráifeach²⁵ a foilsíodh i bPort Láirge beagnach céad bliain ina dhiaidh sin ina dtagraítear don fhadhb chéanna:

It is a great dissatisfaction to me ... that I have been prevented from having this little book printed in the native Irish character, for the want of a native Irish type in Waterford, and because few only are acquainted with the language in its ancient characters.²⁶

Seachas paimfléad an Athar Joseph S. O’Gallagher (1900), is sa chló rómhánach amháin a foilsíodh gach eisiúint de *Seanmóirí* go dtí gur tháinig eagrán an Athar Pól Breathnach amach sa bhliain 1911. Chosain Ó Gallchóir a chinneadh féin úsáid a bhaint as an chló rómhánach ina réamhrá Béarla in eagrán 1736, ach bhí sé doiligh ag léirmheastóir amháin a thug tuairisc ar eagrán an Bhreathnaigh a thuisctcad chuige a n-iompódh seisean ar ais ar an chló gaelach arís:

The present edition is distinctive in that the Sermons for the first time appear in the so-called Irish character. Different people will hold different opinions as to the advantages of the retention in Irish of a set of ‘ornamental’ characters which other languages have long since discarded; but in the case of Gallagher’s Sermons there are, I think, special reasons which would make the ordinary form of the Roman character the more appropriate. There are probably not a few among the older speakers in Donegal who, thanks to the former editions of the ‘Sermons’, would be able to read Irish if printed in ‘letters which are obvious to all’ (to borrow Gallagher’s own words), but to whom the same Irish dressed up in ornamental lettering will appear strange and foreign.²⁷

I rith thréimhse na bPéindlíthe agus níos déanaí ná sin fiú, bhí béim an-mhór á leagan ag easpaig na hÉireann ar an tseanmóireacht mar mheán caiticeasmaithe agus mar bhalla cosanta i gcoinne theagasc ‘eiriceach’ chreideamh na bProtastúnach. Bhí brú á chur acu ar na sagaírt an

cúram a dhéanamh go dílis agus gan teip.²⁸ Bhí an tseanmóireacht agus cumadh seanmóirí faoi lán seoil i measc na sagart agus na ministri éagsúla in Éirinn na linne. Tharraing go leor de na sagairt Chaitliceacha ar shaothar Uí Ghallchóir agus ar shaothar na seanmóirí ón iasach Chun a gcuid saothair féin a shaibhriú, sagairt mar John Heely a bhí ag saothrú mar shagart i gCo. Lú. Is foinsí i Laidin nó i bhFraincis is mó a bhí i gceist leo seo, agus ba ghnách leis na sagairt cnuasach d'ábhar den sórt seo a bhailí le chéile mar áis phearsanta seanmóireachta. *Prône* (nó leabhar seanmóirí) a thugtaí ar a leithéid d'áis agus bhí dualgas ar gach sagart ceann amháin, ar a laghad, a bheith ina sheilbh aige.²⁹ Maíonn Seosamh Ó Labhraí go raibh: ‘... seanmóirí á gcóipeáil, á n-aistriú, á leasú agus á malartú ar fud na tíre mar a bheadh tionscal tí i measc na cléire ...’, rud a léiríonn go raibh suim ag cuid mhór de na scríobhaithe agus den chléir féin ábhar seanmóireachta a bheith ina seilbh acu.³⁰

Nuir a foilsíodh an leagan Béarla de *Seanmóirí* i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1835, bhí an nóta seo a leanas taobh istigh den tul-leathanach tosaigh:

However valuable the following Sermons of Dr. Gallagher are, in the Irish language, from their clearness, simplicity, and conciseness, they are not less so in an English dress. They were originally written for the sake of the poor, who might not have means to purchase more expensive books, or sufficient opportunity of hearing sermons from the altar or pulpit. They are now, for the first time, translated into a language more generally known, and printed at a cheap rate, to perpetuate and extend the same advantages.

Those who desire the Sermons in Irish, can have an edition extensively published in a similar size to the present.

Is cosúil go raibh iarracht ar siúl, le foilsíú an leagain Bhéarla, freastal ar an mhórchuid sin den phobal Caitliceach nach raibh léamh na Gaeilge acu, agus orthu siúd nach raibh an t-airgead acu le go mbeadh siad in ann an t-ábhar cráifeach seo a cheannach agus a léamh. Tá sé le tuiscint as an méid atá ráite, forsta, go rabhthas ag iarraidh freastal ar an aicme bhocht Chaitliceach arís céad bliain i ndiaidh don Ghallchórach *Seanmóirí* a fhoilsíú den chéad uair, de réir mar a bhí ar intinn aige féin ón túis.

Bhí Ó Gallchóir ag iarraidh cuidíú le hobair thréadach na sagart trí chnuasach seanmóirí a fhoilsíú. I dtreo dheireadh an réamhrá cuireann sé an chomhairle seo a leanas ar a chomhchléirigh. Is cosúil, ón méid atá scríofa aige, go raibh sé ag súil leis go dtabharfadhl na sagairt seanmóir mhór amháin uair in aghaidh na míosa nó seanmóir ghairid gach Domhnach. Is léir, forsta, gur ghlac sé leis, dá dtabharfadhl na sagairt faoi i gceart, go gcuideodh an taithí agus an iarracht seo leo teacht i dtír ar bhealach níos éifeachtaí ar úsáid na Gaeilge agus ar cheird agus scil na seanmóireachta:

Take then cheerfully, beloved Fellow labourer, this small Mess, of which I make you a Gift; with which you may Feed your Flock once a Month, thro' the Year, and have some to spare. Nay, rather than they should Fast, spare not to give them each *Sunday* a Part of the Loaf, by Preaching a Point, or even a Paragraph; for there are some by their Length, which can afford to be divided. And by the time your store is exhausted, you'll acquire a Facility both of Expression and Invention, to Serve up fresh Dishes of your own dressing.³¹

Tharraing beirt sheanmóirithe cailíúla eile ar shaothar Uí Ghallchóir, rud a léiríonn go raibh ag éirí lena chuid aidhmeanna agus go raibh cáil ar an saothar féin. Is iad seo an bheirt atá i gceist: an tAthair Seán Ó hÉalaí ón taobh thoir theas de chúige Uladh, sagart de chuid ard-deoise Ard Mhacha a fuair bás sa bhliain 1831, agus an tAthair Tadhg Ó Conaill, Cairmilteach a chónaigh sa mhainistir i gCionn tSáile, Co. Chorcaí ar feadh an chuid is mó dá shaol agus a fuair bás sa

bhliain 1779. Bhí Seán Ó hÉalaí ag saothrú níos deireanaí ná Tadhg Ó Conaill agus is i gcruth fogharscríofa atá a chuid seanmóirí siúd ar fáil.³² Ina thráchtas ar sheanmóirí Uí Éalaí, léirigh Seosamh Ó Labhraí cé chomh mór a bhí Ó hÉalaí faoi thionchar Uí Ghallchóir, agus chruthaigh sé go mbíodh bradaíl gan náire ar siúl ag Ó hÉalaí agus a shaothar féin á chur le chéile aige.³³ Cé go luann Ó hÉalaí cuid de na foinsí ar ar tharraing sé agus a théacs féin á scríobh aige, ní thugann sé le fios in am ar bith go raibh eolas aige ar shaothar Uí Ghallchóir.

D'aistrigh Tadhg Ó Conaill an téacs cráifeach Fraincise, *La Trompette du ciel*, go Gaeilge.³⁴ Aistriúchán cruinn go leor atá déanta aige ach is minic a chuireann sé sleachta as Seanmóirí Uí Ghallchóir isteach sa téacs Fraincise. Tarlaíonn a leithéid nuair a thagann sé ar fhocal nó ar fhrása sa Fhraincis a mheabhráionn focal nó frása i nGaeilge Uí Ghallchóir dó. Fágann sin gur minic a fhaighimid ábhar as téacs Seanmóirí nach bhfuil sa bhuntéacs Fraincise. B'fhéidir go raibh mioneolas ag Ó Conaill ar shaothar Uí Ghallchóir agus b'fhéidir go raibh sleachta fada de na seanmóirí ar eolas de ghlanmheabhair aige sa dóigh go raibh siad á gcur isteach sa téacs i ngan fhios dó féin. Tá idir 25 agus 30 sampla dá leithéid in aistriúchán Uí Chonaill. Léiríonn an fhianaise seo go raibh eolas maith ag cléir na tíre ar Seanmóirí Uí Ghallchóir, forsta, agus go raibh ráchait orthu ar fud an oileáin. Is fiú a lua go raibh Gallagher's Irish Sermons le fáil sa *First Report of the Commissioners of Education Enquiry* (1825), mar théacs don Teagasc Críostaí sna scoileanna sna contaetha seo a leanas le linn an ama sin: Dún na nGall, Cill Dara, Gaillimh agus Ciarraí.³⁵

Críoch

Is é an rud is mó faoi scéal Seanmóirí Uí Ghallchóir nach raibh, taobh amuigh den chéad eagrán, ach trí mhór-eagrán den saothar Gaeilge ann. D'fhág sé sin go raibh tionchar mór ag triúr eagarthóirí ar an bhunsaothar, Edward O'Reilly (1819), Ulick Bourke (1877) and Paul Walsh (1911). Is ar éigean gur comhtharlú é gur foilsíodh na heagrán seo ag tráthanna tábhachtacha i stair na Gaeilge. Tráthanna ba ea iad a raibh an-imní á léiriú ag cuid de chliarlas na hÉireann faoi chaighdeán na Gaeilge agus na seanmóireachta i measc na cléire. Chomh maith leis sin, is cinnte gur bhain na leasuithe agus na hathruithe teanga a chuir O'Reilly, Bourke agus Breathnach i bhfeidhm ar an saothar leis an dearcadh a bhí ann sna blianta roimh am na hAthbheochana agus ina dhiaidh sin, chomh maith, nár cheart go mbeadh iasachtaí Béarla i dtéacsanna Gaeilge. Rinneadh iarrachtaí a leithéid a ghlanadh den téacs agus 'focail dhúchais' a chur ina n-áit, mar atá feicthe againn. Tá neart fianaise againn ó fhoinsí eile go raibh iarrachtaí níos láidre á ndéanamh an Ghaeilge a chosaint ar ionsaí an Bhéarla i dtéacsanna éagsúla. I gcás Seanmóirí, áfach, níor thaitin an polasaí seo le T.F. O'Rahilly agus fuair sé locht ar Phól Breathnach as bheith ag cur isteach ar shláine bhuntéacs Uí Ghallchóir. Is fiú an méid a bhí le rá aige a lua anseo:

Gallagher himself well understood that the first essential of a preacher is to be intelligible, and, as he tells us, he chose his vocabulary accordingly. Since his time, in proportion as the language has grown weaker, so has it become less capable (though, perhaps, more desirous) of expelling the foreign elements incorporated in it. It is a delusion to imagine that we can make Irish, with nine-tenths of its vitality gone, more 'pure' than it was in Gallagher's day; and it is a waste of effort to attempt to do so. The danger that really threatens Irish is not 'Anglicism' but death. Gallagher when composing his Sermons, kept steadily in mind the fact that he was addressing, not the mouldering bones of his ancestors of several centuries previously, but the living men and women of his own day. But when words like *oирне*, *ингреим*, *алтан*, *аирмhidin*, are substituted for some of his, there is a danger that, though a few purists may rejoice, the Irish-speaking congregation may begin to wonder what the sermon is all about. If a number of the words employed by Gallagher displeased his editor, the farthest he should in reason have gone would have been to suggest his own alternatives in

footnotes. To attempt to decide by one's own prejudices what words are to form part of the language and what are not, is, to say the least, unsatisfactory.³⁶

Bhí an Ghaeilge láidir go fóill san 18ú haois i measc na ngnáthdhaoine i gcuid mhaith den tír. D'fhág sé sin go raibh an Ghaeilge riachtanach mar mheán cumarsáide ag an chlér Chaitliceach dá mbeadh siad le feidhmiú go héifeachtúil ina gcúramí tréadacha agus ina gcuid seanmóireachta go háirithe. Faoi dheireadh an 18ú haois agus thús an 19ú haois thug William Tighe faoi deara ina staidéar ar Chontae Chill Chainnigh go dtiocfadh le sagairt seanmóirí a thabhairt i nGaeilge nó i mBéalra ach go dtabharfadh siad an tseanmóir i gcónaí '... in Irish, if they are desirous to be well understood.'³⁷ Tá sé feicthe againn, áfach, nach i dtólamh a bhí an cumas sin ag sagairt. Is léir, mar sin féin, go raibh grúpa sagart sna ceantair a raibh an Ghaeilge láidir iontu a chaith dúthracht leis an dualgas tréadach. Ina léirmheas suimiúil ar an cheist seo, d'éirigh le David Ryan cuid de na cosúlachtaí agus cuid de na difríochtaí a aithint ar bhealach an-soiléir idir an cur chuige seanmóireachta i measc na sagart a thugadh seanmóirí i mBéalra agus an stíl a bhí acu siúd a dhéanadh a gcuid seanmóireachta trí mheán na Gaeilge.³⁸ Is ag iarraidh freastal ar an *niche* seo i ngnó na seanmóireachta a bhí Ó Gallchóir nuair a chum sé a chuid seanmóirí féin. Léiríonn an t-éileamh leanúnach a bhí orthu idir 1736 agus 1911 go raibh leas agus tairbhe á mbaint astu ag sagairt ar fud na tíre. Is comhartha é foilsíú na leaganacha Béalra agus dhátheangacha festa, gur fhreastail *Seanmóirí* ar chuid de riachtanais na seanmóirithe Béalra, chomh maith leo siúd a bhí ag seanmóireacht don phobal Gaeilge. Tá a fhios againn go ndeachaigh saothar Uí Gallchóir i bhfeidhm ar lucht scríofa na seanmóirí Béalra ó am go chéile, chomh maith leis sin.³⁹ Tá an ráchart a bhí ar *Seanmóirí* Uí Ghallchóir agus an tionchar a bhí ag an saothar ar sheanmóirithe agus ar scríbhneoirí eile a tháinig ina dhiadh ina léiriú ar mhór-thábhacht an téacs seo ar shlite éagsúla.⁴⁰ Is léir go raibh tionchar i bhfad níos leitheadaí ag *Seanmóirí* Uí Gallchóir ná an pobal éisteachta Aifrinn. Tá scéal na n-eagrán, na n-athchlónna agus aidhmeanna na seanmóirí cáiliúla seo fite fuaite go dlúth ina chéile agus ina léiriú grinn ar ghnéithe éagsúla de *genre* na seanmóireachta agus cás na clódóireachta Caitlicí san 18ú haois.

Aguisín I – Teidil na seanmóirí in eagrán Uí Ghallchóir (1736)

1. A Sermon on the Assumption of our Blessed Lady
2. A Sermon on the Last Judgment
3. A Sermon on the Necessity of Loving Our Enemies
4. A Sermon on Confession and its Conditions
5. A Sermon on the Necessity and Efficacy of Penance
6. A Sermon on the Miserable State of a Sinner
7. A Sermon on the Danger of Delaying Penance
8. A Sermon on the Danger of Making an Unworthy Communion
9. A Sermon on the Advantages of Receiving Worthily
10. A Sermon on the Advantages and Conditions of Prayer
11. A Sermon on the Necessity and Efficacy of Prayer
12. A Sermon on the Necessity of Working our Salvation
13. A Sermon on Death
14. A Sermon on Death
15. A Sermon Against Swearing
16. A Sermon on the Passion
17. A Sermon on the Joys of Heaven⁴¹

Aguisín II – Liosta na n-eagrán agus na n-athchlónna idir 1736 agus 1911⁴²

Bliain (Líon Seanmóirí)	Eagarthóir/ Aistritheoir	Foilsitheoir	Igh	Eagrán/ Athchló
1736 (16)	J[ames] G[allagher]	Henry Babe, Yellow Lyon St Thomas Street	vi 1-244	E
1752 (17)		Ignatius Kelly Stationer's Arms St Mary's Lane	iv 5-210 [4]	E
1767 (17)		B[artholemew] Corcoran Inns Quay & Dennis Kelly Stationer's Arms Mary's Lane	iv 5-210 [4]	A
1777 (17)		B[artholemew] Corcoran on the Inn's-Quay	iv 7-212 [4]	A
1795 (17)		Patrick Wogan No. 23 on the Old Bridge Dublin	iv 7-212 [4]	A
1798 (17)		Patrick Wogan 23 Old Bridge Dublin	iv 7-212 [4]	A
1807 (17)		Patrick Wogan 15 Lr Ormond Quay Dublin	iv 7-212 [4]	A
1819 (17)	Edward O'Reilly	W Pickering & Co. 8 Great Strand-Street Dublin	x 11-202 [2]	E
1831 (17)	Edward O'Reilly	Richard Grace 3 Mary Street	x 202 [2]	A
1835 (17)	James Byrne a d'aistrigh (Revised & corrected by a Catholic priest)	William Powell Jun 68 Thomas Street Dublin	Gan an réamhrá 202	E
1835 (?) (17)	James Byrne a d'aistrigh (Revised & corrected by a Catholic clergyman)	Fielding Lucas Jr 138 Market St, Baltimore	Gan an réamhrá 208	E
1841 (17)	Edward O'Reilly	Richard Grace 45 Capel Street Catholic Bookseller	x 11-204	A
1877 (17)	Ulick J. Bourke St Jarlath's College Tuam	M.H. Gill 50 Upr Sackville-St	lxv 429 xviii Gan an réamhrá	E
1878	Ulick J. Bourke St Jarlath's College	M.H. Gill 50 Upr Sackville-St	lxv 429	A

(17)	Tuam		xviii Gan an réamhrá	
1881 (17)	Ulick J. Bourke St Jarlath's College Tuam	M.H. Gill 50 Upr Sackville-St	lxv 429 xviii Gan an réamhrá	A
1900 (2)	Rev. Joseph S. O'Gallagher, Amboy, Illinois, USA	Brian Ó Dubhghaill, 9 Ceibh Oirmhumhan Uacht./ M.H. Gill, 50 Upr O'Connell St	24 Gan an réamhrá	E
1911 (17)	Paul Breathnach	M.H. Gill Dublin	xiv 1-192	E

Aguisín III – Sonrai na bPaimfléad a foilsíodh

Bliain	Aistritheoir	Foilsitheoir	Teideal	Lgh
1830	'An Eminent Scholar'	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On Confession and its Conditions	3-12
1832	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Necessity of Loving our Enemies	3-12
1832	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Miserable State of a Sinner	3-12
1833	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Assumption of the Blessed Virgin	3-12
1833	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Danger of Delaying Penance	3-12
1833	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Danger of Making an Unworthy Communion	2-12
1834	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Advantages of Receiving Worthily	3-12
1834	Janes Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Advantages and Condition[s] of Prayer	2-12
1834	James Byrne	T. O'Flanagan, 26 Bachelor's Walk Dublin	On the Necessity and Efficacy of Prayer	3-12
1834	James Byrne	I[saac] Field, 4, Stafford Street, Dublin	On the Necessity of Working our Salvation On Death – First	3-9 11-16
1835	James Byrne	I[saac] Field, 4, Stafford Street, Dublin	On the Passion	2-12
1835	James Byrne	I[saac] Field, 4, Stafford Street, Dublin	On the Joys of Heaven	3-12

TAGAIRTÍ

- Bourke, U.J. (ed.), 1877: *Sermons in Irish-Gaelic by the Most Rev. James O'Gallagher*. Dublin.
- Breathnach, P., 1911 (eag.): *Seanmóirí Muighe Nuadhad* IV. Baile Átha Cliath.
- Breatnach, R.A., 1961: 'The end of a tradition: a survey of eighteenth century Gaelic literature', *Studia Hibernica* 1, 131.
- Byrne, J., 1835 (transl.): *The sermons of the Right Rev. Dr. Gallagher*. Dublin.
- Comerford, M., 1883: *Collections relating to the diocese of Kildare and Leighlin*. Dublin.
- Crowley, T., 2005: *Wars of Words: The politics of language in Ireland 1537-2004*. Oxford.
- Cunningham, B., 2001: "Zeal for God and for souls": Counter-Reformation preaching in early seventeenth-century Ireland', in R. Gillespie (ed.), *Irish preaching 700-1700*. Dublin, 108-26.
- Elliott, M., 2000: *The Catholics of Ulster*. London.
- Gahan, W., 1880: *Sermons for every Sunday in the year, and for the leading holidays of obligation*. New York (an chéad eagrán: Dublin 1799]
- Gallagher, J., 1736: *Sixteen Irish sermons in an easy and familiar stile*. Dublin.
- Gallagher, J., 1819: Edward O'Reilly (ed.), *Seventeen Irish sermons, in an easy and familiar stile*. Dublin.
- Gallagher, J., 1841: Edward O'Reilly, (ed.), *Seventeen Irish sermons, in an easy and familiar stile*. Dublin.
- Kiberd, D., 2000: *Irish classics*. London
- Mac Cana, P., 2001: 'Séamas Ó Gallchobhair' in *Collège des Irlandais, Paris and Celtic studies*, Dublin, 122-9.
- Mac Giolla Chomhaill, A., 1971: *Díolaim próis 1450-1850*. Baile Átha Cliath.
- McManus, A., 2002: *The Irish hedge school and its books, 1695-1831*. Dublin.
- Mac Murchaidh, C., 1998: 'Nótaí beathaisnéise ar an Dr Séamas Ó Gallchobhair', *Irisleabhar Mhá Nuad*, 169-86.
- Mac Murchaidh, C., 2001: 'Oiliúint na cléire san 18ú haois agus an Dochtúir Séamas Ó Gallchóir', *Taighde agus teagasc* 1, 11-25.
- Mac Murchaidh, C., 2004a: 'Dr James Gallagher, *alumnus Kilmorensis*: Bishop of Raphoe (1725-37) and Kildare and Leighlin (1737-51)', *Breifne*, vol. 10, no. 40, 219-38.
- Mac Murchaidh, C., 2004b: *Seanmóirí Uí Ghallchóir: Téacs agus cúlra* (2 imleabhar), Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

- Mac Murchaidh, C., 2004c: ‘Scéal na seanmóireachta Gaeilge san 18ú haois’ in B. Ó Conaire (eag.), *Aistí ag iompar scéil: in ómós do Shéamus P. Ó Mórdha*, Baile Átha Cliath, 237-52.
- Ó Caiside, S., 1930: ‘The “best seller” in the Irish language’, *The Irish book lover*, Eanáir-Feabhra 1930, 28.
- Ó Ciosáin, N., 1997: *Print and popular culture in Ireland, 1750-1850*, Hampshire.
- O’Gallagher, Rev. J.S. (eag.), 1900: *O’Gallagher’s Irish sermons. Seanmóiridh le Dochtúir Séamas O’Gallchobhair, easbog Rátha-Bhoth (1725-1737)*.
- Ó Fiannachta, P., 1983: ‘Seanmóireacht Ghaeilge 1700-1860’, *Irisleabhar Mhá Nuad*, 141-9.
- Ó Labhraí, S., 1998: *Téacs na seanmóirí i lámhscríbhinn MF4 i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad leis an Athair John Heely*. Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.
- O’Rahilly, C., 1955: *Trompa na bhFlaitheas*. Dublin.
- O’Rahilly, T.F., 1912: ‘Review’, ar *Seanmóirí Muighe Nuadhád, an ceathramhadh imleabhar, Gadelica* 1.1, 66-72.
- O'Reilly, E. (eag.), 1819: *Seventeen Irish sermons, in an easy and familiar stile, on useful and necessary subjects ... in which is included, a sermon on the joys of Heaven* le James Gallagher
- Pollard, M., 2000: *Dictionary of the members of the Dublin book trade 1550-1800*. London.
- Ryan, D., 1998: ‘That most serious duty’: *Catholic preaching in Ireland 1760-1840*. Tráchtas neamhfhoilsithe MA in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ryan, D., 2004: ‘Catholic preaching in Ireland, 1760-1840’, in R. Gillespie (ed.), *The remaking of modern Ireland 1750-1950. Beckett prize essays in Irish history*. Dublin. 72-100.
- Tighe, W., 1802: *Statistical observations relative to the county of Kilkenny made in the years 1800 & 1801*. Dublin.
- Wall, T., 1958: *The sign of Doctor Hay’s head*. Dublin.

¹ Seachnófar an téarma ‘eagrán’ i gcoitinne anseo agus tagairt á déanamh do na leaganacha éagsúla den téacs a cuireadh i gcló, toisc nach eagráin sa chiall chruinn ach athchlónna ar eagrán a bhí i gcuid mhór de na heisiúintí a foilsíodh. Bainfear leas as an téarma ‘eisiúint’ ina áit.

² Mac Murchaidh 1998, 169-70. Féach freisin Mac Cana 2001, 122-3.

³ Bourke 1877, lv. Ní luann Bourke foinse ar bith leis an ráiteas seo. Tarraingíonn Comerford ar Bourke, áfach. Féach Comerford 1883, 76-7.

⁴ Breathnach 1911, iml. iv.

⁵ Ó Caiside 1930, 28.

⁶ Féach, mar shampla, ar Crowley 2005, 87; Kiberd 2000, 62; Mac Giolla Chomhaill 1971, 149; Ó Ciosáin 1997, 159; Wall 1958, 99; etc.

⁷ Bhí ceist líon na n-eagrán ag cur tinnis ar “O” in *The Irish Book Lover* (Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 1929, Ich 116): ‘Of books printed in the Irish Language, what book has run into the greatest number of different editions? It has been stated that Bishop Gallagher’s Sermons holds the record. Is this true?’ D’fhreagair Séamus Ó Caiside ceist “O” san *Irish book lover* (1930, Ich 28) mar seo a leanas: ‘I have

examined fifteen or sixteen editions (1736, etc.) of Bishop Gallagher's *Irish Sermons*, and there were probably other editions which may have escaped [sic] my notice. See my bibliography in Father Pól Breathnach's edition (1911).'

⁸ Wall 1958, 98-9.

⁹ O'Gallagher 1900, 3.

¹⁰ Rev. James Gallagher, *Sixteen Irish sermons in an easy and familiar stile*, Dublin, 1809 [recte 1807] (uimhir chláraithe P755).

¹¹ Cf. www.kessinger.net lena thuilleadh eolais a aimsiú faoin chomhlacht seo. Is é seo an ráiteas gnó s'acu: 'Kessinger Publishing utilizes advanced technology to publish and preserve thousands of rare, scarce and out-of-print books. We search worldwide for hard-to-find books and publish them in affordable editions. Once we place a title into print, it stays in print. ... Kessinger Publishing is dedicated toward publishing and digitally preserving important literature for future generations.'

¹² Pollard 2000, 441.

¹³ Féach ar Byrne (paimfléad 1833, 12) agus Byrne (1835, 12). 'Above all, follow the example of the Holy Virgin, and practise the virtues which adorned her character' an líne atá i gceist.

¹⁴ Leasaíodh an phoncaíocht in áiteanna sa tseanmóir 'On the Miserable State of a Sinner', mar shampla. Chomh maith leis sin, san áit a bhfuil 'sad, pensive, melancholy' sa phaimfléad sin (Ich 2), fágtais *pensive* agus *melancholy* ar lár in eagráin 1835. Feicfear, forsta, gur athraíodh cuid de na seanfhoircinn bhriathra: *causeth* (paimfléad 1832, Ich 2) go *caused* (1835) agus *observeth* (paimfléad 1832, Ich 5) go *observes* (1835).

¹⁵ O'Reilly 1819, 2-3 den 'Advertisement, by the Editor' ag túis an leabhair.

¹⁶ O'Rahilly 1912, 67.

¹⁷ Bourke 1877, lvi (in áit 1820 sa tagairt, léigh 1819).

¹⁸ O'Rahilly 1912, 67.

¹⁹ Breathnach 1911, 192.

²⁰ O'Rahilly 1912, 68.

²¹ Breathnach 1911, 183.

²² Féach Mac Murchaidh 2001, 19-21. Féach freisin Ryan 2004, 76.

²³ Gallagher 1736, ii-iii.

²⁴ Gallagher 1736, iv-v.

²⁵ *Cheithre soleirseadha de'n eagnuidheacht Chriostuidhe etc.* (Waterford, 1820).

²⁶ Ó Ciosáin 1997, 160.

²⁷ O'Rahilly 1912, 66.

²⁸ Ryan 1998, 83-6.

²⁹ Ryan 2004, 74-5.

³⁰ Ó Labhraí 1998, 12.

³¹ Gallagher 1736, v.

³² Ó Fiannachta 1983, 146-7.

³³ Ó Labhraí 1998, *passim*.

³⁴ O'Rahilly 1955.

³⁵ McManus 2002, 246.

³⁶ O'Rahilly 1912, 69.

³⁷ Tighe 1802, 515.

³⁸ Féach Ryan 1998, 99-102.

³⁹ Tá cosúlachtaí móra idir an tseanmóir cháiliúil a scríobh Ó Gallchóir ar an bhreithiúnas deireanach agus an ceann ag William Gahan ar an ábhar céanna, mar shampla. Féach Gallagher 1736, 22-23, agus Gahan 1880, 11.

⁴⁰ Féach Mac Murchaidh 2004a, 221-6.

⁴¹ Is sa dara heagrán den saothar, a foilsíodh sa bliaín 1752, atá fáil ar Sheanmóir 17 den chéad uair.

⁴² Sa cheathrú colún sa tábla thíos, is é a chiallaíonn an uimhir rómhánach an líon leathanach atá sa réamhrá. Tagraíonn an dara seit uimhreacha (e.g. 1-244) do líon na leathanach i gcorp an téacs (i.e. seanmóirí 1-16/17) agus seasann an uimhir idir lúibíní cearnacha do líon na leathanach fógraí agus liostaí díolacháin.